*An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna -*
*Ag Cur Feabhsú Chun Cinn*

CUSTOMER SERVICE EXCELLENCE

Ag Soláthar Seirbhísí Cigireachta do:
An Roinn Oideachais
An Roinn Fostaíochta agus Foghlama
An Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta

# An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna

# Tuairisc ar Chigireacht Leantach

# Bunscoil Bheann Mhadagáin
# Béal Feirste

## Dáta na Cigireachta: Eanáir 2010

**TUAIRISC LEANTACH AR AN CHIGIREACHT FHÓCASAITHE AR BHUNSCOIL BHEANN MHADAGÁIN, BÉAL FEIRSTE, BT14 6HP (104-6596)**

Le linn na cigireachta fócasaithe in Aibreán na bliana 2007, aibhsíodh, buanna maidir leis an dea-chaidreamh oibre agus na leibhéil arda inspreagtha, suim na bpáistí, caighdeán an teagaisc i mbunús na gceachtanna, agus leis na deiseanna a bhíonn ag na páistí cur leis an chinnteoireacht, agus le réimse na ngníomhaíochtaí seach-churaclaim. Shainaithin an chigireacht go raibh gá le feabhsúchán sna réimsí seo a leanas:

- gur ghá cloí níos dlúithe le ciorcláin na Roinne Oideachais (RO), go háirithe i dtaca le grinnfhiosrúchán ar mhúinteoirí;

- gur ghá díriú níos géire ar ardú na gcaighdeán maidir le hobair na bpáistí sa litearthacht; agus

- gur ghá do lucht bainistíochta treoir straitéiseach níos mó a sholáthar maidir le hobair na scoile.

San eatramh ó rinneadh an chigireacht, cuireadh i ngníomh an méid seo a leanas maidir le hobair na scoile. Mar shampla:

- roinnt athruithe ar na socruithe foirne sa scoil; agus

- rannpháirtíocht éifeachtach na foirne, faoi cheannasaíocht mhaith an phríomhoide, i réimse de ghníomhaíochtaí forbartha gairmiúla dírithe ar ardú na gcaighdeán sa litearthacht, lena raibh oifigigh de chuid na Seirbhíse Comhairliúcháin agus Tacaíochta Curaclaim i mBord Oideachais agus Leabharlainne Bhéal Feirste agus de chuid na foirne Idir-bhord Gaeloideachais ag tacú leo.

Thug an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna dhá chuairt mhonatóireachta agus rinneadh cigireacht leantach ar 20 Eanáir 2010.

Bhí caighdeán maith ag roinnt leis an phlean gníomhaíochta a cheap an t-eagras mar fhreagra ar thorthaí na cigireachta agus rinneadh é a choigeartú de réir mar ba chuí i bhfianaise an aiseolais a thug an Chigireacht le linn na gcuairteanna monatóireachta.

Rinneadh Plean Forbartha na Scoile a choigeartú i bhfianaise thorthaí na cigireachta. Comhlíonann an Plean Forbartha na ceanglais reachtúla mar atá leagtha amach ag an RO.

Seo a leanas na feabhsúcháin is tábhachtaí a rinneadh:

- forbraíodh réimse de pholasaithe agus de nósanna imeachta sa scoil a léiríonn an treoir atá eisithe ag an RO, go háirithe maidir le grinnfhiosrúchán ar mhúinteoirí agus leis an Chód Iompair;

- cuireadh i bhfeidhm scéim litearthachta don scoil uile lena dtreoraítear go héifeachtach an obair maidir le cur chun cinn fhorbairt scileanna litearthachta na bpáistí;

- tá feabhsúchán leanúnach maidir leis na caighdeáin a bhaineann na páistí amach sa litearthacht; agus

- bunaíodh próisis mhonatóireachta agus bhreithmheasa maidir le foghlaim agus teagasc, le dul chun cinn na ndaltaí agus le caighdeán foriomlán an tsoláthair.

**CONCLÚID**

Sna réimsí a ndearnadh cigireacht orthu, tá caighdeán an oideachais a sholáthraíonn an scoil seo go maith anois.  Tá buanna tábhachtacha ag an scoil maidir le bunús a soláthair oideachais agus tréadchúraim. Sainaithníodh sa chigireacht leantach gnéithe áirithe de na réimsí ina raibh gá le feabhsúchán ar gá i gcónaí díriú orthu ach tá léirithe, mar an gcéanna, ag an eagras go bhfuil ar a gcumas díriú orthu seo.

**AGUISÍN**

## CÓIRÍOCHT

- Tá cóiríocht na scoile go fóill easnamhach agus go mór faoi bhun caighdeán inghlactha.

© CÓIPCHEART NA CORÓNACH 2010

Is ceadmhach an tuairisc seo a atáirgeadh ina iomláine nó ina codanna, seachas le haghaidh bearta tráchtála, nó i gcomhair réamheolaire nó fógra ar choinníoll go léireofar foinse agus dáta na tuairisce ann.

Is féidir cóipeanna den tuairisc seo a fháil ón Bhrainse Seirbhísí Cigireachta, An Roinn Oideachais, Teach Ráth Giall, 43 Bóthar Bhaile Aodha, Beannchar, Co. an Dúin BT19 7PR. Tá cóip ar fáil chomh maith ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais: www.deni.gov.uk

INFHEISTEOIR
I NDAOINE